

Feidhm: **Ag cur ball éagsúla den teaghlach in aithne**
 Ag rá go bhfuil sé deas bualadh le duine
 Ag fiafraí de dhuine/dhaoine an bhfuil gaol acu le duine eile agus ag
 freagairt na ceiste sin

Bileog 2.1


- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus mínigh dóibh an *scenario* – go mbeidh gach beirt ag siúl thart le chéile agus ag cur duine den bheirt in aithne do gach beirt eile. Caithfidh duine den bheirt an duine eile a chur in aithne. Ba cheart go mbeadh na comhráite go díreach mar seo:
 - *Conas atá tú?*
 - *Go maith agus tú féin? Seo mo chara Brian.*
 - *Tá sé deas bualadh leat, a Bhriain.*
- Nuair atá cleachtadh maith déanta acu cuir stop leis an ghníomhaíocht agus iarr ar dhaoine éagsúla sa rang an duine in aice leo a chur in aithne duitse.
- Mínigh don rang go mbeidh siad ag plé cúrsaí teaghlaigh.
- Scaip **Bileog 2.1** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- (A) Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann le teaghlach agus páistí. Tabhair seans dóibh an oiread focail agus is féidir a bhreacadh síos sa bhosca.
- Seo thíos na focail nua gur cheart a bheith acu:

| |
|---|
| <i>Garpháiste/garpháistí</i> |
| <i>Garmhac/garmhic</i> |
| <i>Gariníon/gariníonacha</i> |
| <i>Máthair chéile</i> |
| <i>Athair céile</i> |
| <i>Deartháir céile/deartháireacha céile</i> |
| <i>Deirfiúr céile/deirfiúracha céile</i> |
| <i>Leasmháthair</i> |
| <i>Leasathair</i> |
| <i>Leasmhac</i> |
| <i>Leasiníon</i> |
| <i>Leasdeartháir/leasdeartháireacha</i> |
| <i>Leasdeirfiúr/leasdeirfiúracha</i> |
| <i>Col ceathrar/col ceathracha</i> |
| <i>Col seisir/col seisreacha</i> |
| <i>Cúpla</i> |
| <i>Leanbh/leanaí</i> |
| <i>Babaí</i> |
| <i>Naíonán/naíonáin</i> |

- (B) Iarr orthu ansin abairtí a chumadh faoi Nicole Kidman agus Tom Cruise ag baint úsáide as na focail nua atá foghlamtha acu. Sampla:

Bhí Nicole agus Tom pósta. Scar siad. Bhí beirt pháistí acu, Conor agus Isabella. Phós Tom arís, Katie is ainm dá bhean chéile nua. Tá iníon óg acu darb ainm Suri etc.

Eolas breise: Tá fear céile nua ag Nicole anois chomh maith. Tá sí ag súil le páiste etc.

-  Déan plé ansin ar an ainmfhocal **bliain**. Scríobh an bosca seo ar an chlár dubh agus iarr ar an rang iomlán cuidiú leat an fhoirm cheart den ainmfhocal a chur sa bhosca.

| | | | | |
|-----------------|-------------|------------|--------------|-----------------|
| 1 | 2 | 3-6 | 7-10 | 20, 30, 40. . . |
| bliain (amháin) | dhá bhliain | trí bliana | ocht mbliana | fiche bliain |

- Anois mínigh dóibh an dóigh leis na huimhreacha ar fad a dhéanamh. Scríobh na huimhreacha seo ar an chlár dubh – 45, 16, 38, 59, 30, 60, 72, 87, 94 agus 100 - agus iarr ar gach beirt iad a phlé le chéile. Pléigh leis an rang iomlán ansin iad.

45 cúig bliana is daichead
16 sé bliana déag
38 ocht mbliana is tríocha
59 naoi mbliana is caoga
30 tríocha bliain
60 bliain is seasca
72 dhá bhliain is seachtó
87 seacht mbliana is ochtó
94 ceithre bliana is nócha
100 céad bliain

- Iarr orthu ansin aois pháistí Tom Cruise a rá.
- (C) Tabhair seans dóibh ansin na ceisteanna a fhreagairt le chéile faoin ghaol atá idir gach ball den dá theaghlach.
- (D) Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le Siobhán ag cur a clann in aithne. Tabhair seans dóibh na ceisteanna a léamh le bheith cinnte go dtuigeann siad iad sula gcuireann tú an téip ar siúl.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus ansin pléigh na freagraí.

Feidhm: Ag fiafraí de dhuine/dhaoine an bhfuil páistí acu agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 2.2

- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 2.2** gearrtha agat roimh an rang agus tabhair cárta amháin do gach duine sa rang.
- Scríobh na ceisteanna seo ar an chlár dubh:

An bhfuil páistí agat?

An bhfuil clann agat?

Cén aois atá siad?

- Abair leo gurb é an cárta atá acu a gclann.
- Bí cinnte go bhfuil siad ar fad in ann a rá cé mhéad páiste atá acu agus cén aois iad, chomh maith le rá – *tá an duine is sine trí bliana déag agus tá an duine is óige cúig bliana*, mar shampla.
- Téigh siar ar na huimhreacha pearsanta chomh maith:

beirt

triúr

ceathrar

cúigear

seisear

seachtar

ochtár

naonúr

deichniúr

- Pléigh na rialacha leis an rang iomlán – go gcuirtear an t-ainmfhocal sa tuiseal ainmneach, uimhir uatha agus go gcuirtear séimhiú ar an ainmfhocal i ndiaidh *beirt*.

* eisceacht – an focal ‘bean’, bíonn an tuiseal ginideach, uimhir iolra i gceist i gcónaí:

Bean amháin, beirt bhan, triúr ban, ceathrar ban, cúigear ban, seisear ban . . .

- Bí cinnte ag an phointe seo go bhfuil a fhios acu an dóigh leis na hainmfhocail seo a leanas a chuntas:

Beirt mhac/triúr mac

Beirt iníon/triúr iníon

Beirt deartháir/triúr deartháir

Beirt deirfiúr/triúr deirfiúr

- Tabhair seans do gach duine a m(h)achnamh a dhéanamh faoi na cártaí atá acu agus ansin iarr orthu siúl thart ag caint leis na daoine eile sa rang faoina gcártaí.
- Cuir béim i gcónaí ar an fhoirm threise nuair atá an rang ag comhrá le chéile – *an bhfuil páistí agat v. agatsa?*
- Cuir ceist ar chúpla duine nuair atá píosa maith cainte déanta acu faoin chlann atá acu.
- Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.

Feidhm: Ag plé cúrsaí aoise

Bileog 2.3 agus Bileog 2,4

- Bíodh **Bileog 2.3** fillte agat sa lár sula dtugann tú bileog do gach duine sa rang.
- Beidh duine amháin ag caint faoin teaghlach sa phictiúr faoi Duine A agus an duine eile ag caint faoin teaghlach faoi Duine B.
- Tabhair tamall dóibh píosa cainte a dhéanamh faoi na teaghlaigh sa dá phictiúr.
- Éist le cúpla comhrá os ard.
- Go minic bíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí na focail *deartháir/deartháireacha/deirfiúr/deirfiúracha* a fhuaimniú mar is ceart. Bíonn fuaimniú iontach difriúil ag na focail seo chomh maith sna Gaeltachtaí éagsúla. Díriú aird na bhfoghlaimeoirí ar an chanúint atá acu féin agus an bealach a bhfoghlaímíonn siad fuaimneanna deacra.
- Iarr ar gach beirt na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha a phlé le chéile agus léirigh an patrún / riail dóibh.

*An chéad duine
An dara duine srl.*

*An chéad urlár
An dara hurlár*

*An chéad bhean
An dara bean*

- Tabhair **Bileog 2.4** don rang. Baineann an bhileog seo leis an chopail.
- Abair le gach beirt an chéad chuid a dhéanamh agus na freagraí cuí a sholáthar.

*An bhfuil tú muinteartha do Mhicheál?
An í Áine an duine is óige?
An bhfuil páistí agaibh?*

*Tá/Níl
Is í/ Ní hí
Tá/Níl*

*Cum ceist a bhfuil
Is ea/Ní hea mar fhreagra uirthi!*

An duine de mhuintir Uí Néill tú?

- Is é atá i gceist leis an chuid eile den bhileog ná go gcaithfidh an rang siúl timpeall agus daoine a aimsiú a bhfuil na ráitis fíor fúthu.
- Scríobh cúpla ceist ar an chlár dubh le cuidiú leo - mar shampla:

*An bhfuil tú muinteartha do dhuine darb ainm Lisa?
An tú/tusa an duine is óige sa teaghlach?*

*Tá/Níl
Is mé/Ní mé*

An páiste aonair tú?

Is ea/Ní hea

- Míneigh dóibh nach bhfuil ag teastáil ach freagraí gonta cosúil leis na cinn thuas, ach bí cinnte go dtuigeann siad go maith an difríocht idir na ceistanna agus na freagraí thuas.
- Bí thusa thart le cuidiú leo má tá deacracht ar bith acu. Is gné chasta den ghramadach í an chopail ach is gné iontach tábhachtach í – míneigh dóibh go dtiocfaidh siad isteach uirthi de réir a chéile le cleachtadh.
- Tabhair tamall ansin dóibh le labhairt faoina dteaghlaigh féin.

Feidhm: Ag tagairt do rudaí faoi leith a bhaineann leis an teaghlach

Bileog 2.5 agus Bileog 2.6

- Scaip **Bileog 2.5** ar an rang agus abair le gach beirt na focail ar bharr an leathanaigh a phlé le chéile.
- Nuair a thuigeann siad gach focal agus cén aimsir lena mbaineann siad abair leo leanúint ar aghaidh leis an chéad chuid eile.
- Caithfidh gach beirt an cur síos gairid faoi theaghlaigh chlúiteacha a léamh os ard, ag glacadh sealanna.
- Caithfidh siad buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén duine nó cén teaghlach atá i gceist.
- Léigh na píosaí os ard ansin agus pléigh na freagraí leis an rang iomlán.

Freagraí:

A – The Corrs

B – Éamonn de Valera

C – The Windsors

D – Kylie agus Dannii Minogue

- Cuir gach beirt ag obair le chéile anois agus abair leo go mbeidh siad ag léamh ailt faoin scéal miotaseolaíochta *Clann Lir*.
- Tabhair **Bileog 2.6A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 2.6B** don duine eile.
- Míneigh dóibh go mbeidh eolas ag duine amháin acu nach bhfuil ag an duine eile agus *vice versa*. Is é atá i gceist ná go mbeidh Duine A ag fáil an eolais nuair a bheidh Duine B ag léamh agus *vice versa*.
- Cuir ag obair ar an alt ansin iad. Beidh siad ag obair le chéile leis na bearnaí sa dá ghiota léitheoireachta a líonadh.
- Léifidh Duine A an chéad alt agus léifidh Duine B an dara halt.
- Nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu léigh tríd an alt ar fad ag cur béime ar bhrí agus ar fhuaimniú na bhfocal.
- Iarr orthu ansin a mbileoga a thaispeáint dá chéile le bheith cinnte gur líon siad na bearnaí leis an eolas ceart.

Feidhm: Ag déanamh chomhghairdeas le duine

Bileog 2.7

- Scaip **Bileog 2.7** ar an rang agus abair leo go mbeidh siad ag éisteacht leis na comhráite éagsúla ar an téip.
- Caithfidh siad an pictiúr is fearr a dhéanann cur síos ar an chomhrá a mheaitseáil leis an chomhrá ceart.
- Iarr orthu ansin smaoineamh ar na hathruithe a thagann ar ainm duine sa tuiseal gairmeach:

| | |
|----------------|--------------------------|
| <i>Seán</i> | <i>A <u>Sh</u>eáin</i> |
| <i>Éamonn</i> | <i>A <u>É</u>amoinn</i> |
| <i>Siobhán</i> | <i>A <u>Sh</u>iobhán</i> |
| <i>Úna</i> | <i>A <u>Ú</u>na</i> |

- Beidh gach beirt ansin ag déanamh cur síos ar cheann amháin de na pictiúir. Ba cheart go mbeidh an cur síos bunaithe ar na píosaí ar an téip, agus mar seo:



Rugadh leanbh beag do Mháire an tseachtain seo caite. Tá sí go haoibhinn ar fad! Bhí cóisir acu sa teach inné agus d'ól muid cuid mhór champagne.

- Bí thusa thart le cuidiú leo le focal ar bith nó frása ar bith atá siad ag lorg.
- Iarr orthu ansin cárta simplí a scríobh ag úsáid na bhfrásaí ar chlé agus abair leo gan dearmad a dhéanamh den tuiseal gairmeach. Ansin iarr orthu an cárta a scríobh siad a chur i gcomparáid le ceann dhuine eile.